# AN BORD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

## *MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD*

## Tuarascáil Bhliantúil 2019

**An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte**
**(An Dlí Coiriúil)**
**Cúirt Montague**
**Sráid Montague**
**Baile Átha Cliath 2, D02 FT96**
**Teileafón: (01) 4768602**
**R-phost: mhclrb_inbox@justice.ie**
**Suíomh Gréasáin: www.mhclrb.ie**

# Clár an Ábhair


| | | Leathanach |
|---|---|---|
| 1. | Réamhrá an Chathaoirligh | 3 |
| 2. | Feidhm an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | 6 |
| 3. | Athbhreithnithe an Bhoird | 6 |
| 4. | An Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | 9 |
| 5. | Orduithe Scaoilte | 10 |
| 6. | Na Cionta, nó na Cionta Líomhnaithe, ba Thromchúisí | 11 |
| 7. | Imeachtaí Dlí | 11 |
| 8. | Faisnéis Airgeadais | 12 |
| 9. | Soláthar | 13 |
| 10. | Nochtadh Cosanta | 13 |
| 11. | Rialachas agus Rialuithe Inmheánacha | 13 |

**AGUISÍNÍ**

| | | |
|---|---|---|
| Aguisín A - | Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa in 2019/2018 | 18 |
| Aguisín B - | Líon na nOthar Athbhreithnithe in aghaidh Diagnóise in 2019/2018 | 19 |
| Aguisín C - | Líon na nÉisteachtaí de réir Chineál an Athbhreithnithe in 2019/2018 | 20 |
| Aguisín D - | Líon na nÉisteachtaí in 2019/2018 in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú | 21 |
| Aguisín E - | Meánlíon na gCásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlíthiúla ar an bPainéal um Chúnamh Dlíthiúil in 2019/2018 | 22 |
| Aguisín F - | Líon na nOthar a Scaoileadh go Coinníollach in 2019/2018 | 23 |
| Aguisín G - | Na Cionta, nó na Cionta Líomhnaithe, ba Thromchúisí | 24 |

## 1. RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Is cúis áthais dom mar Chathaoirleach an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Athbhreithnithe le haghaidh 2019 a chur i láthair. Is í seo an 13ú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Bhoird. Sula dtabharfaidh mé forléargas ar ghníomhaíochtaí an Bhoird le linn 2019, ba mhaith liom a rá go raibh ríméad orm glacadh le cuireadh an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUasal Cathal Ó Flannagáin, T.D., leanúint ar aghaidh mar Chathaoirleach an Bhoird Athbhreithnithe nuair a chuaigh mo théarma oifige in éag i mí Mheán Fómhair 2019. Táim ag súil leis na dúshláin leanúnacha spéisiúla go léir a thiocfaidh, gan dabht, le hobair an Bhoird Athbhreithnithe sna cúig bliana atá romhainn amach.

I rith 2019, tháinig méadú beag ar líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe a reáchtáil an Bord Athbhreithnithe, i gcomparáid le líon na bliana roimhe sin. Rinne an Bord 198 athbhreithniú in 2019 (i gcomparáid le 188 in 2018) maidir le coinneáil 91 othar. As na 91 othar sin, deonaíodh scaoileadh coinníollach do chúigear othar. As 89 othar in 2018, scaoil an Bord seisear othar go coinníollach. I mí Feabhra 2019, chuir Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar an Bord ar an eolas go raibh sé tar éis othar amháin a bhí scaoilte go coinníollach a aisghairm chun an ospidéil toisc go raibh tuairim réasúnach aige go raibh sárú ábhartha déanta ag an othar ar a nOrdú um Scaoileadh Coinníollach.

In 2019, bhog an Bord ar aghaidh chun an 31ú agus an 32ú hathbhreithniú a reáchtáil i ndáil le hothair áirithe a choinneáil.

In 2019, fuair an Bord trí iarratas maidir le hothair a scaoileadh go neamhchoinníollach. Chomh maith leis sin, bhí dhá iarratas fós gan réiteach ó bhlianta roimhe sin. As na trí iarratas a fuarthas, cuireadh tús le héisteacht iarratais amháin i mí na Samhna agus cuireadh ar atráth í lena breithniú tuilleadh in 2020; tá iarratasóir amháin ag feitheamh le héisteacht; agus cuireadh in iúl don Bhord go raibh an t-iarratasóir eile idir dhá chomhairle faoi dhul ar aghaidh lena n-iarratas. Maidir le breithniú ar an dá iarratas gan réiteach ó bhlianta roimhe sin, cuireadh siar arís iad ar na hiarratasóirí dá iarraidh sin.

I Meitheamh 2019, ar chuireadh ón Ollamh Harry Kennedy, bhí áthas ar an mBord Athbhreithnithe páirt a ghlacadh i gcuairt staidéir go hÉirinn ó *Bhord Comhairleach na hOllainne maidir le Cead d'Othair Fhóiréinseacha.* Le linn na cuairte, tháinig an Bord le chéile le toscaireacht na hOllainne agus bhí spéis ag na comhaltaí Boird cloisteáil go díreach faoi chóras na hOllainne maidir le hothair atá á gcoinneáil faoi chóras orduithe ospidéil na tíre sin. Thug an Bord cur i láthair do thoscaireacht na hOllainne ina leagadh amach feidhm, cumhachtaí agus oibriú an Bhoird. Bhí an Bord den tuairim go raibh sé spéisiúil agus eolasach faisnéis a chomhroinnt agus córais an dá dhlínse a chur i gcomparáid lena chéile.

Thar ceann mo chomhghleacaithe, gabhaim buíochas le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar, an tOllamh Harry Kennedy, agus leis an Stiúrthóir Cliniciúil, an Dr Brenda Wright, as a gcuid cabhrach le linn na bliana. Ba mhaith liom, freisin, buíochas a ghabháil leis na foirne ildisciplíneacha san ospidéal as a gcuid oibre ó thaobh tuarascálacha síciatracha a ullmhú maidir le hothair roimh a n-éisteachtaí athbhreithnithe. Tuigeann an Bord gur obair fhadálach í seo do na daoine go léir a bhíonn i gceist. Tuigeann an Bord, freisin, go gcuirtear isteach ar ghnáthamh an ospidéil ar lá na n-éisteachtaí athbhreithnithe. I dtaca leis sin, tá an Bord buíoch as cabhair agus comhoibriú uile na

síciatraithe sainchomhairleacha, na n-altraí, na dteiripeoirí, na seirbhísí sóisialta agus fhoireann riaracháin an ospidéil. Ba mhaith leis an mBord an deis seo a thapú gach rath a ghuí ar fhoireann agus othair an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar don bhliain seo chugainn le haistriú beartaithe na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí chuig a suíomh nua i bPort Reachrann. Tar éis a bheith lonnaithe i nDún Droma ó bhí 1850 ann, tá bliain iontach ar fad i stair an ospidéil romhainn, ar ndóigh. Rachaidh an t-ionad nua go mór chun leasa do na hothair, dá muintir agus don fhoireann. Tá an Bord ag súil go mór le dul i mbun oibre leis an Stiúrthóir Cliniciúil chun pleanáil a dhéanamh maidir leis an obair bhreise a bheidh ag an mBord de bharr an aistrithe seo.

Arís, ba mhaith liom moladh a thabhairt d'obair chomhaltaí Phainéal Ionadaithe Dlíthiúla an Bhoird a leanann ar aghaidh le hionadaíocht ábalta coinsiasach a dhéanamh ar othair a thagann os comhair an Bhoird le hathbhreithniú a dhéanamh ar a gcoinneáil.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas an Bhoird a ghabháil leis an Uasal Greg Heylin, iar-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird, a d'imigh ar scor i mí na Bealtaine, 2019, as an obair a rinne sé thar ceann an Bhoird i rith a théarma mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF). Gabhaim buíochas freisin le hAmanda Uasal McLoughlin, a bhí ina POF eatramhach ó mhí na Bealtaine go mí Mheán Fómhair, agus cuirim fáilte roimh Paula Uasal Connolly, a tháinig mar POF ar an mBord i mí Mheán Fómhair. Ar deireadh, gabhaim buíochas le Catherine Uasal Hayes agus Ann Uasal Casey as a sársheirbhís éifeachtúil don Bhord i rith na bliana.

**Iarfhlaith O'Neill**
**Cathaoirleach**

**Aibreán 2020**

## 2. FEIDHM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Ba faoi Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, a bunaíodh an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) ar an 27 Meán Fómhair 2006. Tá an Bord neamhspleách go reachtúil i bhfeidhmiú a fheidhmeanna.

Tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar a atreoraíodh chuig lárionaid ainmnithe mar gheall ar chinneadh a rinne na cúirteanna nach inniúil iad chun dul faoi thriail nó toisc go bhfuarthas neamhchiontach i gcion de dheasca gealtachta iad. Faoi Acht 2006, arna leasú leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2010, tá sé de chumhacht ag an mBord coinneáil leanúnach na n-othar a ordú nó a scaoileadh coinníollach nó neamhchoinníollach a ordú. Agus cinneadh á dhéanamh, caithfidh an Bord aird a thabhairt ar leas an othair agus ar leas an phobail.

Déanann an Bord athbhreithniú ar choinneáil na bpríosúnach, príosúnaigh mhíleata san áireamh, a aistríodh chuig lárionad ainmnithe agus neamhord meabhrach orthu. Is féidir leis an mBord a gcoinneáil leanúnach i lárionad ainmnithe nó a bhfilleadh ar an bpríosún a ordú.

Faoi láthair, is é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an t-aon lárionad ainmnithe faoin Acht.

## 3. ATHBHREITHNITHE AN BHOIRD

Mar a fhoráiltear le Acht 2006, ní mór don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil gach othair ag eatraimh nach faide ná sé mhí. De ghnáth reáchtáiltear dhá éisteacht athbhreithnithe sa bhliain i leith othar fadtéarmach ach féadfaidh níos mó ná na

héisteachtaí sceidealaithe sin a bheith ag othair áirithe ar thionscnamh an Bhoird, nó ar iarratas ón othar nó ó Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar. Is féidir leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais treoir a thabhairt don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar phríosúnaigh atá á gcoinneáil san ospidéal dá n-ainneoin.

Aon tráth áirithe, bíonn idir 80 agus 90 othar faoi choinneáil sa Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoi Acht 2006. Tagann athrú ar líon na n-othar a bhíonn á gcoinneáil faoin Acht mar, seachas na hothair a bhíonn á gcoinneáil ar feadh tréimhse faide, aistrítear othair eile ó phríosún, bíodh sé sin lena dtoiliú nó dá n-ainneoin, chun teacht ar chúram nó cóireáil nach mbíonn ar fáil dóibh sa phríosún. D'fhéadfadh sé tarlú, áfach, nach dtiocfadh daoine de na hothair sin os comhair an Bhoird le haghaidh athbhreithnithe ar a gcoinneáil san ospidéal ar chor ar bith toisc gur féidir leis an Stiúrthóir Cliniciúil, tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, príosúnaigh a aistriú ar ais go dtí an príosún am ar bith.

Rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 91 othar in 2019 – sin méadú 2% ar an 89 othar a ndearnadh athbhreithniú ar a gcoinneáil in 2018. As na 91 othar, ba mhná iad 9 (nó 10%) díobh agus b'fhir iad 82 (nó 90%) díobh. Reáchtáil an Bord 198 éisteacht ar an iomlán i gcomparáid le 188 in 2018; is ionann sin agus méadú 5% i líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe. As na 91 othar, bhí diagnóis déanta go raibh scitsifréine ar 66% díobh, bhí neamhord scitseamothachtálach ar 19% díobh, agus bhí neamhoird eile ar 15% díobh. As othair 2018, bhí diagnóis déanta go raibh scitsifréine ar 67% díobh, bhí neamhord scitseamothachtálach ar 17% díobh, agus bhí neamhoird eile ar 16% díobh. Is ceart a thabhairt do d'aire gurb é an croíghrúpa céanna othar den chuid is mó a bhíonn á n-athbhreithniú ag an mBord gach bliain. (Féach Aguisíní A agus B maidir leis seo).

In 2019, den chéad uair riamh, rinne an Bord an 31ú agus an 32ú hathbhreithniú ar choinneáil othar áirithe. Den 198 éisteacht athbhreithnithe, ba é an 31ú hathbhreithniú a bhí ann i gcás seacht gcinn agus an 32ú hathbhreithniú i gcás dhá cheann. Bhí 4% san iomlán de na héisteachtaí ag an 31ú go dtí an 32ú céim athbhreithnithe. Bhí 25% de na héisteachtaí ag an 1ú go dtí an 5ú céim athbhreithnithe, i gcomparáid le 27% in 2018. Díobh sin, bhí an chéad athbhreithniú á dhéanamh ar 10 gcás (nó 5%) i gcomparáid le 2018 nuair a rinneadh 13 athbhreithniú (nó 7% den iomlán) dá leithéid. (Féach Aguisín C maidir leis seo).

Mar a tharla le roinnt blianta anuas, bhain an chuid is mó de na héisteachtaí athbhreithnithe le hothair a cuireadh chun an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) d'Acht 2006, tar éis cinnidh nach raibh siad ciontach i gcion de bhrí na gealtachta. In 2019, bhain 150 éisteacht (nó 76% den iomlán) le coinneáil othar arna gcimiú faoi Alt 5(2). In 2018, bhí 144 éisteacht sa chatagóir sin, arb ionann é agus 76% de líon iomlán na n-éisteachtaí sa bhliain sin. Arís in 2019, rinneadh an dara líon ba mhó éisteachtaí athbhreithnithe ar othair a bhí á gcoinneáil faoi Alt 15(2) den Acht; is príosúnaigh iad sin a aistríodh dá n-ainneoin chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar chun teacht ar chúram nó cóireáil nárbh fhéidir a chur ar fáil dóibh sa phríosún. B'ionann an grúpa sin agus 11% de na héisteachtaí athbhreithnithe in 2019, i gcomparáid le 13% in 2018. In 2019, den chéad uair riamh, rinneadh othar amháin a choinneáil faoi dhá Alt dhifriúla d'Acht 2006. Bhí an t-othar á choinneáil faoi Alt 5(2) tar éis cinnidh neamhchiontachta de dheasca gealtachta agus, ina dhiaidh sin, rinneadh cinneadh ciontachta i gcion eile agus coinníodh an t-othar faoi Alt 15(1). Cé go bhfuil an t-othar coinnithe faoi dhá alt den Acht, chun críocha tuairiscithe níl éisteacht athbhreithnithe an othair curtha san áireamh ach

faoi Alt 5(2), ós rud é nach ndéantar athbhreithniú ar leith ar an gcoinneáil faoin dá alt. Cuireann an Bord Athbhreithnithe an dá alt san áireamh agus é i mbun cinneadh a dhéanamh. (Féach Aguisín D maidir leis seo).

## 4. AN SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Ceanglaítear ar an mBord Athbhreithnithe faoi Alt 12(1)(c) d'Acht 2006 ionadaí dlíthiúil a shannadh do gach othar a bhfuil a gcoinneáil faoi athbhreithniú, mura bhfuil sé beartaithe ag an othar ionadaíocht dhlíthiúil a fhostú ar a gcostas féin. Chuige sin, chuir an Bord an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Meabhairshláinte (An Dlí Coiriúil), 2006, i bhfeidhm faoinar bunaíodh painéal d'ionadaithe dlíthiúla agus déantar soláthar do na táillí dlí a bhaineann le hionadaíocht os comhair an Bhoird Athbhreithnithe a íoc. Más mian leo, féadann othair diúltú do sheirbhís aturnae ainmnithe ón bpainéal, agus aturnae eile ón bpainéal a iarraidh, nó is féidir leo aturnae neamhphainéil a fhostú ar a gcostas féin. Ar mhaithe le leanúnachas d'othair, ag féachaint don chaoi a bhfuil neamhord meabhrach ar na hothair, déanann an Bord gach iarracht an t-aturnae céanna a shannadh chun feidhmiú mar ionadaí d'othar le haghaidh éisteachtaí athbhreithnithe eile ina dhiaidh sin.

I dtús na bliana 2019, bhí 26 aturnae ar an bPainéal Ionadaithe Dlíthiúla. Le linn na bliana, cuireadh aturnae amháin leis an bPainéal ar iarratas ó othar toisc gur theastaigh uathu go mbeadh an t-aturnae céanna acu ag a n-éisteacht athbhreithnithe a bhí acu sna himeachtaí coiriúla. D'éirigh 3 aturnae as an bPainéal, rud a d'fhág go raibh 24 aturnae ar an iomlán ar an bPainéal ag deireadh na bliana.

Ba é meánlíon na gcásanna a sannadh d'aturnaetha ar an bPainéal in 2019 ná 7. Sannadh 13 chás ar an meán don cheathairíl aturnaetha ab airde. Sannadh 7 gcás ar an meán don

dara agus don tríú ceathairíl le chéile, i gcomparáid le 8 gcás in 2018. Sannadh cás amháin an duine, ar an meán, don bhuncheathairíl in 2019 agus in 2018. Tá na baill a d'éirigh as an bPainéal curtha san áireamh sna figiúirí don bhliain 2019, mar rinne siad ionadaíocht do chliaint le linn na bliana. (Féach Aguisín E maidir leis seo).

## 5. ORDUITHE SCAOILTE

D'fhaomh an Bord scaoileadh coinníollach cúigear othar as an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar in 2019, i gcomparáid le seisear in 2018. Ba é meánfhad na coinneála san ospidéal do na hothair a scaoileadh go coinníollach ná 7 mbliana. Ar an meán, is beagán de bhreis ar 2 bhliain a bhí sa dá fhad ba ghiorra agus 11 bhliain, ar an meán, a bhí sa dá fhad ab fhaide. Is ceart a nótáil nach foras riachtanach ná leordhóthanach ann féin é an fad a choinnítear othar chun scaoileadh coinníollach a dheonú. (Féach Aguisín F maidir leis seo).

Rinneadh othar amháin a aisghairm óna scaoileadh coinníollach le linn 2019 toisc go raibh tuairim réasúnach ag Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar go raibh sárú ábhartha déanta ag an othar sin ar a nOrdú um Scaoileadh Coinníollach.

Fuair an Bord trí iarratas ar scaoileadh neamhchoinníollach in 2019 ó othair a scaoileadh go coinníollach ar feadh 12 mhí nó níos faide. Astu sin, cuireadh éisteacht iarratais amháin ar atráth, le tosú arís in 2020; tá iarratasóir amháin ag feitheamh le héisteacht; agus cuireadh in iúl don Bhord go raibh an tríú hiarratasóir idir dhá chomhairle faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh lena n-iarratas.

Bhí dhá iarratas ar scaoileadh neamhchoinníollach fós gan réiteach ó bhlianta roimhe sin i ndiaidh don Bhord a mbreithniú a chur ar atráth. Chomhaontaigh an Bord le hiarratais ón mbeirt iarratasóirí a n-éisteacht a chur siar arís.

## 6. NA CIONTA, NÓ NA CIONTA LÍOMHNAITHE, BA THROMCHÚISÍ

Ar na cionta, nó na cionta líomhnaithe, inar cúisíodh nó inar ciontaíodh na hothair a bhí coinnithe sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar sa bhliain 2019, bhí dúnmharú, iarracht ar dhúnmharú, dúnorgain agus ionsaí ba chúis le díobháil thromchúiseach choirp. As na 91 othar a ndearna an Bord athbhreithniú ar a gcoinneáil, bhí 37 díobh cúisithe, nó ciontaithe, i ndúnmharú. Ba dhaoine muinteartha leis an othar iad formhór d'íospartaigh an chiona sin, nó an chiona líomhnaithe sin. Cúisíodh nó ciontaíodh 10 n-othar ar an iomlán in iarracht ar dhúnmharú/dúnorgain/marú trí thiomáint chontúirteach. Cúisíodh nó ciontaíodh 24 othar in ionsaí ba cúis le díobháil/díobháil thromchúiseach choirp, agus cúisíodh nó ciontaíodh 6 díobh i gcoirloscadh. Ar na cionta eile bhí ionsaí gnéasach, bagairt duine a mharú, ciapadh, príosúnú neamhdhleathach, iarracht ar leanbh a fhuadach, foghail agus seilbh ar scian le rún díobháil a dhéanamh, robáil, seilbh ar sceana agus imeaglú, agus bagairt stáisiún Gardaí a chur trí thine. (Féach Aguisín G maidir leis seo).

## 7. IMEACHTAÍ DLÍ

Faoi mar a tuairiscíodh anuraidh, thug an Chúirt Achomhairc breithiúnas san achomharc a rinne an t-iarratasóir ar chinneadh na hArd-Chúirte in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar ***(MC v. an Stiúrthóir Cliniciúil, Bord Athbhreithnithe an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar (an Dlí Coiriúil) (Páirtí Fógra)).*** I mbreithiúnas a tugadh ar an 18 Eanáir 2019, d'aontaigh an Chúirt Achomhairc leis an Ard-Chúirt go raibh na himeachtaí neamhábhartha

(Taifead Uimh. 2016/472 na Cúirte Achomhairc). I mí Dheireadh Fómhair 2019, ghéill an Chúirt Uachtarach d'iarratas ar chead chun cinneadh na Cúirte Achomhairc a achomharc mar go raibh an Chúirt sásta go raibh tábhacht ghinearálta phoiblí ag baint le hábhar an achomhairc ó thaobh na gcúinsí inar féidir a rá gur éileamh neamhábhartha atá in éileamh. Chomh maith leis sin, léirigh an Chúirt go ndíreodh sí, le linn cásbhainistiú, ar cibé acu an bhféadfadh an Chúirt nó ar cheart don Chúirt dul ar aghaidh chun na saincheisteanna substainteacha a chinneadh dá mba rud é go n-éireodh le hachomharc an iarratasóra maidir le ceist na neamhábharthachta. Tá an t-achomharc sceidealta le héisteacht ag an gCúirt Achomhairc i mí na Márta, 2020.

## 8. FAISNÉIS AIRGEADAIS

Maoinítear an Bord Athbhreithnithe as Fotheideal B.10 de Vóta Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. In 2019, fuair an Bord Athbhreithnithe leithdháileadh buiséid €401,000. Ba é an caiteachas iomlán ó Fhotheideal B.10 in 2019 ná €375,000. Cloíonn an Bord Athbhreithnithe leis an gCód Caiteachais Phoiblí. Is iad seo a leanas príomh-mhíreanna caiteachais 2019:

| | |
|---|---|
| Cúnamh Dlíthiúil in Aisce | €103,984 |
| Táillí comhaltaí an Bhoird | *€97,500 |
| Táille an Chathaoirligh | **€88,593 |
| Pá na Foirne | **€72,000 |
| Costais dlí | €5,761 |

*Áirítear anseo táillí do mhí na Nollag 2018, a íocadh in Eanáir 2019.
Ní áirítear anseo táillí do mhí na Nollag 2019, a íocadh in Eanáir 2020.

** Íoctar táille bhliantúil €70,875 leis an gCathaoirleach ina tráthchodanna ráithiúla. Íocadh an íocaíocht dheireanach do 2018 in Eanáir 2019.

*** Mar chuid den chlár um athrú ó bhonn sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, aistríodh costais phárolla d'fhoireann an Bhoird Athbhreithnithe go fotheideal riaracháin na Roinne le héifeacht ó mhí Mheán Fómhair 2019.

## 9. SOLÁTHAR

**Tairiscintí le haghaidh Seirbhísí Ateangaireachta ag Éisteachtaí Athbhreithnithe**

D'eisigh an Bord Athbhreithnithe 13 thairiscint aon uaire le ríomhphoist in 2019 chun seirbhísí ateangaireachta a sholáthar ag éisteachtaí athbhreithnithe.

## 10. NOCHTADH COSANTA

Ghlac an Bord Athbhreithnithe le Beartas um Nochtadh Cosanta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais mar bheartas an Bhoird maidir le nochtadh cosanta san ionad oibre. De réir riachtanas tuairiscithe, deimhnítear nach bhfuarthas aon tuairiscí um nochtadh cosanta in 2019.

## 11. RIALACHAS AGUS RIALUITHE INMHEÁNACHA

**Struchtúr agus Ballraíocht an Bhoird Athbhreithnithe**

Is comhlacht samhailbhreithiúnach seachas bord rialachais é an Bord Athbhreithnithe Meabhairshláinte (an Dlí Coiriúil), a athbhreithníonn coinneáil othar a choinnítear sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006. Is éard atá sa Bhord ná Cathaoirleach agus líon ar bith de ghnáthchomhaltaí a theastóidh ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Sláinte. Breitheamh Ard-Chúirte atá ar scor atá sa Chathaoirleach reatha agus tá triúr gnáthchomhaltaí ann, ar síciatraithe sainchomhairleacha iad beirt díobh agus ar síciteiripeoir comhairleora an duine eile. Ceapann an tAire na comhaltaí Boird go léir ar feadh tréimhse cúig bliana, faoi mar a fhoráiltear in Acht 2006. Leagtar amach thíos ballraíocht an Bhoird in 2019 agus dáta ceaptha na gcomhaltaí :

| Comhalta | Dáta Ceaptha |
|---|---|
| An Breitheamh Iarfhlaith O'Neill Uasal | Meán Fómhair 2014<br>Athcheaptha i Meán Fómhair 2019 |
| An Dr Katherine Brown<br>Síciatraí Sainchomhairleach | Bealtaine 2017 |
| Nora Uasal McGarry<br>Síciteiripeoir Sainchomhairleach | Meán Fómhair 2011<br>Athcheaptha i Meán Fómhair 2016 |
| An Dr Elizabeth Walsh<br>Síciatraí Sainchomhairleach | Eanáir 2013<br>Athcheaptha in Eanáir 2018 |

## Freastal ar Éisteachtaí agus Táillí

Is annamh a thagann an Bord Athbhreithnithe le chéile seachas le haghaidh éisteachtaí sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar. Nuair a bhíonn athbhreithniú á dhéanamh ar choinneáil othar, suíonn an Bord i bpainéal de thriúr, agus bíonn an Cathaoirleach agus síciatraí sainchomhairleach amháin, ar a laghad, ar an bpainéal i gcónaí.

Íoctar táille €250 le gnáthchomhaltaí in aghaidh na héisteachta athbhreithnithe ar a bhfreastalaíonn siad. Íoctar an táille chéanna as freastal ar éisteachtaí a bhaineann le hiarratais ar scaoileadh neamhchoinníollach agus le hiarratais chun coinníollacha scaoilte a athrú nó a leasú. In 2019, d'fhreastail gach comhalta boird ar na héisteachtaí sin a raibh siad sceidealaithe le freastal orthu. D'fhreastail an Dr. Katherine Brown ar 104 éisteacht, d'fhreastail Nora Uasal McGarry ar 199 éisteacht agus d'fhreastail an Dr Elizabeth Walsh ar 95 éisteacht.

Íoctar táille bhliantúil €70,875 leis an gCathaoirleach. Déanann an Cathaoirleach cathaoirleacht ar gach éisteacht athbhreithnithe agus ar gach éisteacht chun breithniú a dhéanamh ar iarratais ar scaoileadh neamhchoinníollach agus ar iarratais chun coinníollacha a leasú. Anuas air sin, cuireann an Cathaoirleach comhairle agus treoir ar fáil don POF maidir le gnó an Bhoird a bhainistiú agus tugann comhairle maidir le cásanna dlí inar páirtí iontu an Bord.

**Fostaithe**

Is Leas-Phríomhoifigeach sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais í Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Bhoird Athbhreithnithe, Paula Uasal Connolly, agus caitheann sí cuid dá cuid ama ar dhualgais POF an Bhoird. Tá an POF freagrach as gnó agus acmhainní an Bhoird a bhainistiú agus a riaradh ó lá go lá. Ní íoctar tuarastal ar leith leis an POF as an obair a dhéanann sí leis an mBord Athbhreithnithe.

Tacaíonn Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Cléireachais, atá ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, leis an mBord Athbhreithnithe. Is státseirbhísigh iad foireann an Bhoird Athbhreithnithe agus íoctar rátaí pá iomchuí na státseirbhíse leo de réir a ngráid.

Déanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Párolla na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe próiseáil ar an bpárolla agus táillí na gcomhaltaí Boird a íoc. Déanann Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais próiseáil ar íocaíochtaí eile.

**Maoirseacht agus Rialuithe Inmheánacha**

Baineadh Comhaontú Formhaoirsithe amach don bhliain 2019 leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus shínigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin é thar ceann an Bhoird Athbhreithnithe. Comhaontaíodh sa Chomhaontú sin, mar gheall ar fheidhmeanna cúnga reachtacha an Chathaoirligh agus neamhspleáchas reachtúil an Bhoird agus méid fíorbheag an Bhoird, gurb é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, seachas an Cathaoirleach, a thabharfadh Ráiteas Comhlíonta don Aire i gcomhréir le *Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.*

Maidir leis an g*Cód Cleachtais* a chomhlíonadh, tá an Roinn tar éis an fhoráil sin den *Chód* ar a dtugtar 'Comhlíon nó Mínigh' a chur i bhfeidhm maidir leis an mBord Athbhreithnithe. Ó thaobh na rialuithe inmheánacha agus bainistíochta rioscaí, mar gheall ar mhéid an Bhoird Athbhreithnithe, ní mheastar é a bheith indéanta go mbunódh an Bord a Aonad Iniúchóireachta nó a Choiste Iniúchóireachta agus Rioscaí féin. Ina ionad sin, tá socruithe eile curtha i bhfeidhm ionas go mbeidh an Bord ábalta teacht ar Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus Coiste Iniúchóireachta agus Rioscaí na Roinne i ndáil le rialachas airgeadais. Déanann POF an Bhoird measúnú bliantúil ar phríomhrioscaí an Bhoird Athbhreithnithe agus cuirtear aon rioscaí a shainaithnítear san áireamh i gClár Rioscaí an Bhoird.

Ní cheanglaítear le reachtaíocht bhunaithe an Bhoird Athbhreithnithe Ráitis Airgeadais a chur ar fáil. Tríd an POF, déanann an Bord idirchaidreamh le hIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, a thuairiscíonn ar ioncam agus caiteachas an Bhoird i dtuarascálacha míosúla bainistíochta na Roinne. Coimeádann an POF na tuarascálacha míosúla faoi athbhreithniú agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar caiteachas a údarú i gcomhréir le treoirlínte na Roinne.


Ag féachaint do mhéid an Bhoird Athbhreithnithe agus don bhonn reachtúil atá lena sainchúram, nach n-athraíonn mura leasaítear an reachtaíocht, ní mheastar gur gá don Bhord plean straitéiseach a ullmhú. Foilsíonn an Bord Athbhreithnithe staitisticí iomchuí, áfach, maidir lena aschur ina Thuarascáil Bhliantúil a chuirtear faoi bhráid na Roinne agus a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an Bhoird.

Cloíonn an Bord Athbhreithnithe le beartais agus treoirlínte soláthair na seirbhíse poiblí. Aon chomórtais soláthair a sheolann an Bord Athbhreithnithe, déantar iad i gcomhairle le hAonad Soláthair na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

**Tabhair do d'aire go bhfuil na cáipéisí seo a leanas ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird (www.mhclrb.ie):**
**Comhdhlúthú riaracháin den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna ullmhú ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí; (www.lawreform.ie/_fileupload/revisedacts/withannotations/en_act_2006_0011.pdf)**
**Nósanna imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**
**http://www.mhclrb.ie/en/mhb/procedures%20of%20mental%20health%20(criminal%20law)%20review%20board.pdf/files/procedures%20of%20mental%20health%20(criminal%20law)%20review%20board.pdf**
**agus**
**Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlíthiúil Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), 2006**
**http://www.mhclrb.ie/en/mhb/terms%20&%20conditions%20of%20mh(cl)rb.pdf/files/terms%20&%20conditions%20of%20mh(cl)rb.pdf**

## Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa 2019/2018

| Mí | Líon na nÉisteachtaí in 2019 | % den Iomlán in 2019 | Líon na nÉisteachtaí in 2018 | % den Iomlán in 2018 |
|---|---|---|---|---|
| **Eanáir** | 15 | 7% | 22 | 12% |
| **Feabhra** | 16 | 8% | 6 | 3% |
| **Márta** | 21 | 11% | 10 | 5% |
| **Aibreán** | 21 | 11% | 21 | 11% |
| **Bealtaine** | 11 | 6% | 19 | 10% |
| **Meitheamh** | 17 | 9% | 21 | 11% |
| **Iúil** | 15 | 7% | 8 | 4% |
| **Lúnasa** | 21 | 11% | 15 | 8% |
| **Meán Fómhair** | 13 | 6% | 16 | 9% |
| **Deireadh Fómhair** | 17 | 9% | 19 | 10% |
| **Samhain** | 16 | 8% | 22 | 12% |
| **Nollaig** | 15 | 7% | 9 | 5% |
| **An tIomlán** | **198** | **100%** | **188** | **100%** |




**Aguisín B**

## Líon na nOthar a Athbhreithníodh in aghaidh Diagnóise in 2019/2018

| Diagnóis | Líon na n-othar a athbhreithníodh in 2019 | % den iomlán in 2019 | Líon na n-othar a athbhreithníodh in 2018 | % den iomlán in 2018 |
|---|---|---|---|---|
| **Scitsifréine** | 60 | 66% | 60 | 67% |
| **Neamhord Scitseamothachtálach** | 17 | 19% | 15 | 17% |
| **Neamhoird eile** | 14 | 15% | 14 | 16% |
| **An tIomlán** | **91** | **100%** | **89** | **100%** |

**I measc na Neamhord Eile, bhí:**


Neamhord Mothachtálach Dé-Pholach
Dúlagar síceoiseach
Neamhord Speictream an Uathachais
Siondróm Asperger
Síocóis Mhothachtálach
Neamhord Pearsantachta Orgánach
Síocóis Orgánach
Neamhord Dúlagair Athfhillteach Trom le Gnéithe Síocóiseacha
Taom Síocóise/Géarthaom Síocóise



**Aguisín C**

## Líon na nÉisteachtaí de réir Chineál an Athbhreithnithe in 2019/2018

| Cineál an Athbhreithnithe | Líon na Athbhreithnuithe in 2019 | % den iomlán in 2019 | Líon na Athbhreithnuithe in 2018 | % den iomlán in 2018 |
|---|---|---|---|---|
| **1ú hAthbhreithniú** | 10 | 5% | 13 | 7% |
| **2ú-5ú hAthbhreithniú** | 40 | 20% | 38 | 20% |
| **6ú-10ú hAthbhreithniú** | 43 | 22% | 48 | 25% |
| **11ú-15ú hAthbhreithniú** | 40 | 20% | 28 | 15% |
| **16ú-20ú hAthbhreithniú** | 16 | 8% | 16 | 9% |
| **21ú-25ú hAthbhreithniú** | 15 | 8% | 12 | 6% |
| **26ú-30ú hAthbhreithniú** | 25 | 13% | 33 | 18% |
| **31ú-32ú hAthbhreithniú** | 9 | 4% | | |
| **An tIomlán** | **198** | **100%** | **188** | **100%** |




## Líon na nÉisteachtaí in 2019/2018 in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú

| Alt d'Acht 2006 | Líon na Éisteachtaí 2019 | % den Iomlán in 2019 | Líon na Éisteachtaí 2018 | % den Iomlán in 2018 |
|---|---|---|---|---|
| **Alt 4(3)** | 5 | 3% | 3 | 2% |
| **Alt 4(5)** | 17 | 8% | 13 | 7% |
| **Alt 5(2)** | 150 | 76% | 144 | 76% |
| **Alt 15(1)** | 2 | 1% | 2 | 1% |
| **Alt 15(2)** | 23 | 11% | 25 | 13% |
| **Alt 15(5)** | 1 | 1% | 1 | 1% |
| **An tIomlán** | **198** | **100%** | **188** | **100%** |

Tabhair do d'aire: Tá othar amháin coinnithe faoi Alt 5(2) agus Alt 15(1). Níl coinneáil an othair sin á háireamh ach faoi Alt 5(2).

| | |
|---|---|
| **Alt 4(3)** | Neamhinniúil ar Phléadáil, an Chúirt Dúiche |
| **Alt 4(5)** | Neamhinniúil ar Phléadáil, Cúirt Eile |
| **Alt 5(2)** | Neamhchiontach de dheasca gealtachta |
| **Alt 15(1)** | Aistriú dá ndeoin ón bPríosún |
| **Alt 15(2)** | Aistriú dá n-ainneoin ón bPríosún |
| **Alt 15(5)** | Leanúint d'aistriú dá ndeoin ón bPríosún (tar éis diúltú do chúram nó do chóireáil) |



## Meánlíon na gCásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dlíthiúla ar an bPainéal um Chúnamh Dlíthiúil in 2019/2018

| Bliain | Líon na nIonadaithe Dlíthiúla ar an bPainéal | Méanlíon na gcásanna a sannadh | Méanlíon na gcásanna a sannadh don Cheathairíl Uachtarach | Méanlíon na gcásanna a sannadh don 2ú & 3ú Ceathairíl | Méanlíon na gcásanna a sannadh don Cheathairíl Íochtarach |
|---|---|---|---|---|---|
| **2019** | 27* | 7 | 13 | 7 | 1 |
| **2018** | 27** | 7 | 13 | 8 | 1 |

* Ag deireadh 2019, bhí 24 comhalta Painéil ann.  Le linn na bliana, ceapadh comhalta breise amháin agus d'éirigh triúr comhaltaí as. Cuireadh na comhaltaí a d'éirigh as san áireamh sna figiúirí mar gur sannadh cásanna dóibh le linn na bliana.

** Ag deireadh 2018 bhí 26 comhalta ar an bPainéal (ceapadh beirt chomhaltaí breise le linn na bliana agus d'éirigh comhalta amháin as). Cuireadh an comhalta a d'éirigh as san áireamh sna figiúirí mar gur sannadh cásanna don chomhalta sin le linn na bliana.

**Aguisín F**

## Líon na nOthar a Scaoileadh go Coinníollach in 2019/2018

| Mí an Ordaithe um Scaoileadh Coinníollach | Líon na nOthar 2019 | Líon na nOthar 2018 |
|---|---|---|
| **Feabhra** | | 1 |
| **Márta** | 1 | |
| **Aibreán** | 1 | 1 |
| **Meitheamh** | 2 | 2 |
| **Iúil** | | 2 |
| **Samhain** | 1 | |
| **An tIomlán** | **5** | **6** |

## Na Cionta, nó na Cionta Líomhnaithe, ba thromchúisí a rinne othair a ndearnadh a gcoinneáil a athbhreithniú in 2019

| An Cineál Ciona nó Ciona Líomhnaithe | Líon na n-othar a cúisíodh nó a ciontaíodh i gcion | |
|---|---|---|
| **Dúnmharú** | **37** | |
| ar dhuine muinteartha an t-íospartach | | 20 |
| agus aithne ag an othar ar an íospartach | | 10 |
| agus an t-íospartach ina strainséir | | 7 |
| **Iarracht ar Dhúnmharú/Dúnorgain/Tiomáint chontúirteach ba chúis le bás** | **10** | |
| ar dhuine muinteartha an t-íospartach/agus aithne ag an othar ar an íospartach | | 6 |
| agus an t-íospartach ina strainséir | | 4 |
| **Ionsaí ba chúis le díobháil/díobháil thromchúiseach choirp** | **26** | |
| ar dhuine muinteartha é an t-íospartach | | 5 |
| ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach | | 4 |
| ina raibh an t-íospartach ina strainséir | | 17 |
| **Coirloscadh** | **6** | |
| **Eile** | **12** | |
| **An tIomlán** | **91** | |

**Tabhair do d'aire**

1) Rinneadh othair a ciontaíodh nó a cúisíodh i níos mó ná cion/cion líomhnaithe amháin a chatagóiriú de réir an chiona/an chiona líomhnaithe ba thromchúisí.

2) Bhí níos mó ná íospartach amháin i gceist sa chion inar cúisíodh nó inar ciontaíodh othar i mionlach na gcásanna.

3) Áirítear sa chatagóir **"Eile"** ionsaí gnéasach, bagairt chun duine a mharú, ciapadh, príosúnú neamhdhleathach, iarracht ar leanbh a fhuadach, foghail agus seilbh ar scian le run díobháil a dhéanamh, robáil, seilbh ar sceana agus imeaglú, bagairt stáisiún Garda a chur trí thine.